2020.M57T

2020L033A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2020

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

## 3 uair

400 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir, agus Dáta agus Mí do Bhreithe, sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo**.** Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair scrúdaitheora. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de limistéir na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Níl cead agat peann luaidhe a úsáid ach amháin do sceitsí, do ghraif agus do léaráidí.

Tá trí roinn sa pháipéar seo. Tugtar ceisteanna **Roinn 2** agus **Roinn 3** i gceistpháipéar ar leithligh ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A)** **Ocht** gceist as **Roinn 1 agus**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Fheidhmeach i Roinn 2 agus**

**(C)** **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**
**Dhá** cheist as **Cuid 2**
agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2.**

**Tá gach ceist ar cómharc sa roinn seo.**

**Déantús agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

| |
|---|
| |

| Roinn 1 | Ceisteanna Gearrfhreagra | 80 marc |
|---|---|---|

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

1. Is liosta de théarmaí gnó atá i g**Colún 1**.
Is liosta de mhíniúcháin a d’fhéadfadh a bheith ar na téarmaí gnó sin atá i g**Colún 2**.
(*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d’aon cheann de na téarmaí sin.*)

| **Colún 1: Téarmaí** | **Colún 2: Míniúcháin** |
|---|---|
| **1** Praghsáil Bhisigh | **A** Díol faoi bhun costais chun tomhaltóirí a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar an miondíoltóir. |
| **2** Praghsáil Fódaithe | **B** Praghsanna éagsúla a ghearradh ar sciartha éagsúla den mhargadh ar an táirge nó ar an tseirbhís chéanna. |
| **3** Treoirearra Caillteanais | **C** Gearrann gnólacht praghas ard nuair a sheoltar táirge chun costais forbartha a fháil ar ais. |
| **4** Uachtarphraghsáil | **D** Táirgí a phraghsáil bunaithe ar bhuiséad an tomhaltóra. |
| **5** Idirdhealú Praghsanna | **E** Gearrtar praghsanna arda ar thomhaltóirí chun a thabhairt le tuiscint go bhfuil eisiachas/ardchaighdeán i gceist. |
| | **F** Gearrann gnólacht praghas níos ísle ná mar a ghearrann a chuid iomaitheoirí chun sciar níos mó den mhargadh a ghnóthú go tapa. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil.

Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**2.** I gcomhthéacs cúrsaí gnó, cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?

Scríobh gach freagra sa spás cuí.

| | |
|---|---|
| POF (*CEO*) | |
| PBR (*CRO*) | |
| OFA (*LEO*) | |
| ÚFT (*IDA*) | |
| CICT (*CCPC*) | |

**3.** Tá ocht gcinn de na deich gcuideachta is mó ar domhan atá bainteach le léasú eitlíochta lonnaithe in Éirinn. Tá tionscal na heitlíochta mar chuid den earnáil threasach.



**(a)** Mínigh an téarma **earnáil threasach**.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** threocht san earnáil threasach in Éirinn.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |

**4.** Cuir ciorcal thart ar an **rogha cheart i ngach ceann** de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Tá an brabús ó dhíol sócmhainne faoi réir

**cáin fháltas caipitiúil / cáin ghnóthachan caipitiúil**.

**(ii)** Sampla de cháin **fhorchéimnitheach / chúlchéimnitheach** is ea an Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU).

**(iii)** **Méadaíonn / laghdaíonn** creidmheasanna cánach an méid ÍMAT a íocann fostaí.

**(iv)** Sampla de cháin **dhíreach / indíreach** is ea Cáin Bhreisluacha (CBL).

**(v)** **Caitear / ní chaitear** le dearbhán saoire ar fiú €3000 é agus a thugtar mar shochar comhchineáil mar ioncam inchánach.

**5.** Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm ar fud an AE ar an 25 Bealtaine 2018.




**(i)** Maidir le reachtaíocht an AE, mínigh an téarma **Rialachán**.

**(ii)** Sainaithin modh **amháin** eile le reachtaíocht an AE a chur i bhfeidhm.

**(iii)** Ainmnigh an **Institiúid de chuid an AE** atá freagrach as reachtaíocht an AE a mholadh.

**6.** **(i)** Mínigh an téarma **gnólacht dúchais.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhúshlán **amháin** atá roimh ghnólachtaí dúchais.

**7.** Scríobh **Fíor** nó **Bréagach** i ndiaidh **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

| | Ráiteas | Fíor nó Bréagach |
|---|---|---|
| 1. | Is é atá i gceist le hIdirmhalartú Leictreonach Sonraí (EDI) ná gnólacht a bheith ag malartú sonraí a chuid custaiméirí le gnólachtaí eile. | |
| 2. | Cuireann Táirgeadh Díreach in Am (JIT) ar chumas gnólachtaí déantúsaíochta costais a laghdú trí stoic amhábhair a choinneáil chomh híseal agus is féidir. | |
| 3. | Is é atá i gceist le Tréimhse Feithimh (Lead Time) ná an méid ama a thógann sé ar sholáthraí ordú a chomhlíonadh. | |
| 4. | Méadaíonn barainneacht scála costais nuair a cheannaíonn gnólacht méid mór d'amhábhair ar an mórchóir ar lascaine. | |
| 5. | Is é an leibhéal optamach stoic ná an méid idéalach stoic ba cheart a bheith ag gnólacht ag aon am faoi leith. | |

**8.** Déan idirdhealú idir **dífhostú cóir** agus **dífhostú inchiallaithe**.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**9.** **(i)** Déan staidéar ar an tábla thíos agus líon isteach **céim chuí** de **Shaolré an Táir**ge i gcás **gach** táirge díobh.

| Apple iPod Touch<br>Dáta eisiúna: M. Fómh. 2007 | New Apple Watch sraith 5<br>Dáta eisiúna: M. Fómh 2019 | Apple iPhone 7<br>Dáta eisiúna: M. Fómh. 2016 |
|---|---|---|
|  |  |  |
| **Céim de Shaolré an Táirge:**<br><br>________________________ | **Céim de Shaolré an Táirge:**<br><br>________________________ | **Céim de Shaolré an Táirge:**<br><br>________________________ |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun síneadh a chur le saolré táirge.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**10.** Chuir Henry Winters luach €200,000 d'árachas ar a theach le Allianz.
Is é luach margaidh an tí i ndáiríre ná €250,000.
Rinne tine shimléir luach €36,000 de dhamáiste.

**(i)** Ríomh an méid cúitimh a bheidh le fáil ag Henry ó Allianz.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Do chuid oibre:** | **Cúiteamh:**<br><br><br>€ _________________ |
|---|---|

**(ii)** Mínigh an chúis a bhfaighidh Henry an méid sin cúitimh.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |


# Freagarleabhar do Roinn 2 agus Roinn 3

## Treoracha

Tá Ceisteanna do **Roinn 2** agus **3** i gceistpháipéar ar leithligh.

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ag barr gach leathanaigh.

Úsáid an colún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, faoi mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach de ghrafpháipéar i gcúl an fhreagarleabhair seo. Ar leathanaigh an ghrafpháipéir, is i mbun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir a úsáid sa fhreagarleabhar seo. Má bhíonn easpa spáis ort sa fhreagarleabhar seo, tá cead agat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Níl cead agat peann luaidhe a úsáid ach amháin do sceitsí, do ghraif agus do léaráidí.

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

| | |
|---|---|
| | |

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

2020.M57T 2020L033A2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2020

# Gnó – Ardleibhéal

## Roinn 2 agus Roinn 3

3 uair

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**

**An Cheist ar an nGnó Fheidhmeach i Roinn 2 AGUS**

**Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Dhá **cheist** as **Cuid 2**

Agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**

**Tá gach ceist i Roinn 3 ar cómharc.**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

| Roinn 2 | Ceist ar an nGnó Fheidhmeach | 80 marc |
|---|---|---|

**Ceist éigeantach í seo, tá 80 marc ag gabháil léi agus tá sí í bunaithe ar na hAonaid 2, 3 agus 4.**

Scríobh do fhreagra sa fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

**Gléasanna Medway**



Bhunaigh Séamas Ó Cinnéide Gléasanna Medway in 2014. Bhí Séamas ag obair roimhe sin mar innealtóir táirgí ag an ollchuideachta Mheiriceánach Medline ach d'fhág sé é chun leanúint den mhian a bhí aige a ghnólacht féin a reáchtáil. Chonaic sé deis ionchlannáin a fhorbairt d'earnáil an athchuir cromáin. Thuig Séamas an deacracht a bhainfeadh le dul in iomaíocht le cuideachtaí móra domhanda. Bhí sé muiníneach as a chumas agus as a tháirge féin. D'éirigh le Séamas roinnt infheisteoirí eile a mhealladh isteach leis.

Faoi láthair, tá 320 duine fostaithe ag Gléasanna Medway sa mhonarcha atá acu. In 2019, cheap Séamas Máire Ní Ghoill mar Stiúrthóir Bainistíochta. Tá an lucht oibre roinnte ina struchtúr eagrúcháin táirge bunaithe ar na cineálacha éagsúla ionchlannán a tháirgtear. Tá bainisteoirí ceaptha do na foirne táirge go léir chun gach aonad a threorú. Ní mó ná sásta atá an fhoireann bhainistíochta le cur chuige Mháire i leith na cinnteoireachta mar go nglacann Máire smacht iomlán ar gach cinneadh. Tugann sí treoracha don bhainistíocht ar bhonn rialta gan glacadh le haon aiseolas luachmhar. Is tríd an ríomhphost is mó a dhéanann sí cumarsáid leis an bhfoireann. Bíonn sé deacair ar an bhfoireann labhairt le Máire faoi cheisteanna. Dá bhrí sin, d'fhág roinnt fostaithe chun glacadh le deiseanna i gcuideachtaí leighis eile. Nuair a thug sí é sin faoi deara, shocraigh Máire go mbeadh breis imeachtaí sóisialta ag an bhfoireann agus go mbeadh maoiniú breise ar fáil do chlub sóisialta na foirne.

Chonaic Séamas an fhéidearthacht a bhain le dul isteach i margadh na hÁise agus rinne sé taighde ar dheiseanna chun monarcha nua dhéantúsaíochta a oscailt i Singeapór. Bhreathnaigh rannóg Acmhainní Daonna (HR) Ghléasanna Medway ar riachtanais foirne na monarchan nua. Cé go mbeidh mórán den fhoireann ón monarcha Éireannach á n-aslonnú, thuar an Rannóg Acmhainní Daonna gur ghá 120 ball foirne a earcú sna sé mhí seo amach romhainn. Rinne an rannóg fógraíocht ar shuímh ghréasáin earcaíochta i réimse leathan tíortha chun teacht ar na hiarrthóirí ab fhearr do gach post. Tharraing na fógraí do na poist aird ar na tuarastail den scoth a bhí á dtairiscint ag an ngnólacht. Reáchtáladh na hagallaimh ar Skype chun freastal ar iarratasóirí idirnáisiúnta. Chinntigh an fhoireann Acmhainní Daonna go mbeadh cothromaíocht inscne sna painéil roghnúcháin go léir. Tá na measúnuithe ráithiúla ar an bhfoireann sa mhonarcha Éireannach curtha siar. Is é an chúis is mó atá leis sin go bhfuil clár ionduchtaithe á phleanáil ag an rannóg Acmhainní Daonna do bhaill foirne nua chomh maith le hoiliúint a bheith á heagrú acu don fhoireann reatha atá le hathlonnú go Singeapór. D'iarr Máire tuairimí ar an bhfoireann Acmhainní Daonna faoin tslí a bhféadfaí na baill foirne is fearr atá acu a choinneáil.

**(A)** Pléigh tréithe/scileanna fiontraíochta Shéamais Uí Cinnéide agus tagairt agat don téacs. (20)

**(B)** **(i)** Déan measúnú ar na scileanna bainistíochta a léiríonn Máire Ní Ghoill i nGléasanna Medway.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar impleacht **amháin** don ghnólacht a bhaineann leis an stíl bhainistíochta a léiríonn Máire. (30)

**(C)** Pléigh na feidhmeanna atá ag an Rannóg Acmhainní Daonna ag Gléasanna Medway. (30)

## Roinn 3 — 240 marc

Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**,

**Dhá** cheist as **Cuid 2**,

agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.

**Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist**.

## Cuid 1
## Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

### Ceist 1 — Daoine sa Ghnó

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

I mí na Samhna 2019, rinne Aldi ceiliúradh mar bhí 20 bliain caite aige ag feidhmiú in Éirinn. Sa lá atá inniu ann tá breis agus 200 gnólacht Éireannach ag déanamh táirgí dó. Tá an méid seo a leanas luaite ar shuíomh gréasáin na cuideachta: '*Geallaimid go mbeidh táirgí den scoth á bhfáil againn ó sholáthraithe áitiúla den scoth.*'

www.aldi.ie

**(A)** **(i)** Léirigh conas a d'fhéadfadh caidreamh comhoibríoch idir Aldi agus a chuid soláthraithe teacht chun cinn.

**(ii)** Déan cur síos ar chaidreamh iomaíoch idir Aldi agus ollmhargaí atá in iomaíocht leis.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a mbaineann tomhaltóirí buntáiste as gnólachtaí a bheith in iomaíocht le chéile.

(20)

**(B)** Mínigh na cearta dlíthiúla atá ag tomhaltóirí faoi théarmaí an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980, agus tagairt agat do **thrí** cinn ar bith díobh seo a leanas:

1. Seirbhísí
2. Ráthaíochtaí
3. Comharthaí a chuireann teorainn le cearta tomhaltóirí
4. Cáilíocht Inmhargaidh.

(20)

**(C)** Pléigh na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC).

(20)

| **Ceist 2** | **Timpeallacht Intíre** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhuaigh Intel Ireland 'Duais an Déantúsóra Ghlais' ag Duaiseanna Glasa 2019.*
*Bhuaigh John Sisk and Son 'Duais Ghnólacht Ghlas na Bliana' ag Duaiseanna Glasa 2020.*

**(A)** **(i)** Pléigh **trí** thréith a bhaineann le gnólacht atá freagrach ó thaobh na timpeallachta de.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar rud **amháin** a mbíonn tionchar aige ar ghnólacht nuair a bhíonn air a chuid freagrachtaí i leith na timpeallachta a bhaint amach.

(20)


**(B)** Léirigh na cúiseanna a lonnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta (MNCs) in Éirinn. (20)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh rialtas na hÉireann a bpolasaithe maidir le caiteachas a úsáid chun tacú le gnólachtaí in Éirinn. Úsáid samplaí chun do chuid freagraí a léiriú. (20)

| **Ceist 3** | **Timpeallacht Idirnáisiúnta** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Trádáil Idirnáisiúnta na hÉireann - Ráithe 2, 2019**




**www.cso.ie**

**(A)** **(i)** Mínigh na téarmaí **Comhordú na Trádála** agus **Comhordú na nÍocaíochtaí**.
**(ii)** Ríomh na figiúirí do **Chomhordú na nÍocaíochtaí** ó na sonraí thuas.
Taispeáin do chuid oibre.
**(iii)** Léirigh an bhrí atá leis an téarma **taraif**. (20)

**(B)** Pléigh na buntáistí **agus** na dúshláin do ghnólachtaí Éireannacha a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach. (25)

**(C)** Bhí tionchar ag Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) ar an trádáil idirnáisiúnta. Tabhair breac-chuntas ar fhorbairtí sa TFC a rinne níos éasca é do ghnólachtaí Éireannacha a bheith ag trádáil go hidirnáisiúnta. (15)

## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Ceist 4** **Fiontraíocht/Bainistíocht**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Good4u**

Gnólacht teaghlaigh a tháirgeann sneaiceanna sláintiúla is ea Good4U. I Sligeach atá sí lonnaithe. In 2004, síol péactha ba ea an chéad táirge a bhí ag an ngnólacht. Bhí sé mar sprioc ag Good4U a bheith ar cheann an mhargaidh i dtionscal na sneaiceanna sláintiúla. Tá breis agus 40 táirge ag an ngnólacht anois, sneaiceanna síolta agus liathróidí fuinnimh san áireamh. Sheol Good4U raon nua de bharra sailéid le déanaí.

www.good4u.com

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha éagsúla pleanála a chuireann le rath gnólachta. Bíodh baint ag do fhreagra le Good4U, agus aon bhonn tuisceana atá cuí á gcur san áireamh agat. (20)

**(B)** **(i)** Léirigh, le léaráid, struchtúr eagrúcháin feidhmiúil do ghnólacht déantúsaíochta cosúil le Good4U.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le struchtúr eagrúcháin feidhmiúil. (20)

**(C)** **(i)** Mínigh, agus tú ag úsáid sampla, an téarma **infhiontraíocht**.

**(ii)** Léirigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as an infhiontraíocht. (20)

**Ceist 5** **Gnó i nGníomh**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Táthcheangal déanta ag Apple ar Beats Electronics**



In 2014, dheimhnigh Apple éadáil/táthcheangal Beats Electronics, déantóir cluasán agus seirbhís sruthaithe ceoil, ar tháille $3 bhilliún dollar, de réir na dtuairiscí. Mar chuid dá leathnú gnó, rinne Apple taighde margaidh.

**(A)** **(i)** Mínigh an bhrí atá le **táthcheangal.**

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le táthcheangal mar mhodh leathnaithe gnólachta. (20)

**(B)** Déan cur síos ar na cúiseanna a ndéanann gnólacht taighde margaidh. (20)

**(C)** Déan measúnú ar chaipiteal fiachais in aghaidh caipiteal cothromais mar mhodhanna chun leathnú gnólachta a mhaoiniú. (20)

**Ceist 6** **Bainistíocht/Gnó i nGníomh**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**Cultúr na Spórtlainne**



D'úsáid Dónall iasacht bhainc chun bunú spórtlainne in aice le hollscoil áitiúil a mhaoiniú in 2010. Bhí sé ag iarraidh rogha gan aon chonradh, agus íoc-mar-a-úsáidtear a thairiscint do mhic léinn. Chomh maith leis sin, bhí cláir phearsanta á dtairiscint aige. In 2018, d'oscail sé dhá spórtlann nua. D'fhostaigh sé cúigear ball foirne lánaimseartha agus anois cuireann sé ranganna ar fáil atá dírithe ar fhir agus ar mhná atá ag ullmhú d'ócáid ar leith cosúil le bainis. Cuireann sé ranganna campaí aclaíochta bugaí ar fáil freisin do thuismitheoirí páistí nuabheirthe. Creideann Dónall gur ar chumasú fostaithe atá a rath bunaithe.

**(A)** **(i)** Agus tú ag tagairt do Chultúr na Spórtlainne, léirigh cad is **margadh nideoige** ann.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca a chuirfeadh banc Dhónaill san áireamh sula gceadófaí iarratas ar iasacht airgid.

(20)

**(B)** **(i)** Pléigh na buntáistí a bhaineann le Cumasú Fostaithe.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhac **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ar Chumasú Fostaithe.

(20)

Tá foras faire ar son tomhaltóirí chun imscrúdú a dhéanamh ar an margadh um árachas dliteanais phoiblí mar go bhfuil gnólachtaí imníoch faoin méadú atá ag teacht ar chostais árachais.

*The Irish Times*, Lúnasa 2019

**(C)** **(i)** Mínigh an téarma **árachas dliteanais phoiblí**.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál árachais, **seachas dliteanas poiblí**, a d'fhéadfadh a bheith ag gnólacht.

(20)

| **Ceist 7** | **Gnó i nGníomh** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Tá Amazon ar an mbranda is luachmhaire ar domhan trí mbliana in ndiaidh a chéile. Google a bhí sa dara háit. D'éirigh le Huawei áit a bhaint amach sa deichniúr is fearr den chéad uair.

amazon Google HUAWEI

www. branddirectory.com

**(A)** Pléigh na buntáistí a bhaineann le híomhá branda láidir a bheith ag gnólacht. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. (20)

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma **coincheap margaíochta**.

**(ii)** Déan measúnú ar na gnéithe **Cur chun cinn** agus **Áit** den Chumasc (Mheascadh) Margaíochta do tháirge **nó** do sheirbhís a roghnaíonn tú féin.

(25)

**(C)** Pléigh na buntáistí a bhaineann le **cuideachta phoiblí theoranta** mar chineál úinéireachta gnó.

(15)

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000). Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2020 – Ardleibhéal

# Gnó – Roinn 2 agus Roinn 3